



Pléascann Iontas le háthas agus thíos, Caoimhe Blennerhasset

Iontas orainn gur bhain muid

Le Roibeard Mac Maoláin

Tá rún ag baill Iontas, an grúpa a bhain Siansa Ghael Linn 2014, gan a maidí a ligean le sruth agus leanúint ar aghaidh le tuilleadh éachtaí a dhéanamh i saol an cheoil.


nuair a thiofadh sé chuig a gcontae dúchais i mí Lúnasa.

Ba mhór an spreagadh a fuair an t-ochtair ball.

Grúpa eile ón iarthar a tháinig sa dara háit, Glór Mhaigh Eo, ó Chaisleán an Bharraigh. Gradam agus seic €1,250 bainte acu sin.

Bhuaigh an grúpa ó Ghairm-scoil Chúil Ratha, Baile Idir Dhá Abhainn i gCo Shligigh, an comórtas sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath agus ba bheag iontas a bhí ar dhaoine gur thug siad an chraobh leo.

Beidh an grúpa óg in ann a thallann a chur faoi bhráid na sluaite a bheidh ag freastal ar Fhleadh Cheoil na hÉireann



Fuath ar líne

Ó leathanach a haon

a soláthraí," a dúirt sí.

"Faoi láthair, tá tuismitheoirí ag iarraidh go rachadh an scoil i ngleic le saincheisteanna cibearbhulaíochta i measc páistí. Fadhb leanúnach é seo sa chóras oideachais in Éirinn, ach tá an fhadhb chéanna ag scoileanna ar fud na cruinne ó tháinig an bhulaíocht ar líne chun cinn.

"Is é an gnáthchur chuige a bhíonn ag formhór na scoileanna faoi seo, má tá fadhbanna leanúnacha ann i ndiaidh na scoile cáithfidh na tuismitheoirí dul i ngleic leis.

"Ach má tá fadhbanna lasmuigh den scoil ag dul i bhfeidhm ar pháistí sa chlós nó sa seomra ranga, caithfidh na scoileanna é a fhiosrú nuair a chuireann sé isteach ar chumas foghlama na bpáistí. Tá an chaoi a ndéileáiltear leis difriúil i ngach scoil. Ba cheart tréaslú le múinteoirí agus le príomhoidí as an obair mhór a dhéanann siad, lasmuigh dá n-uaireanta oibre chun freastal ar thuismitheoirí agus na fadhbanna seo a fhiosrú chun cabhrú leis

an íospartach. Dúirt Niall Mulrine go gcaithfidh tuismitheoirí glacadh le freagracht as gníomhartha a bpáistí agus gan an locht a chur ar an scoil.

"Cha bhfuil múinteoirí in Éirinn chomh réitithe céanna lena gcomhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe faoin dóigh le déileáil leis."

Staidéar

"Rinne Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath agus Coláiste an tSrutháin Mhílis i mBéal Feirste staidéar taighde i 143 scoil in Éirinn chun an difríocht idir an dóigh a dtéitear i ngleic le heachtraí cibearbhulaíochta i scoileanna Éireannacha ar dhá thaobh na teorann a léiriú," a dúirt sé.

"Chonacthas gur chreid 75% de na múinteoirí agus de na príomhoidí a cuireadh faoi agallamh gur mó an fhadhb i meán-scoileanna ná i mbunscoileanna.

"Ach i gcás cé acu scoil ab fhearr ag tabhairt faoin fhadhb, léiríodh gur cuireadh oiliúint faoi shábháilteacht ar líne ar 73% i dTuaisceart Éireann i gcomparáid le 39% sa Phoblacht."



Coláistí gan staidéar... seo linn ré úr do na coláistí samhraidh

Ar mhuintir na muice: Buachaill i mbun tonnmharcaíochta ag Coláiste Uisce, Maigh Eo

Le Méabh Ní Thuathaláin

Le tamall de bhlianta anuas, tá fás tagtha ar líon na gcoláistí samhraidh atá ag díriú ar réimse ar leith speisialtóireachta, coláistí a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar bhealach spráitúil agus cruthaitheach agus a théann i bhfeidhm ar aos óg na linne seo.

Tá Coláiste Uisce, ar an bhFód Dubh in iarthuaisceart Mhaigh Eo, á réachtáil le 16 bliana anuas, coláiste ceannródaíoch a tháinig i dtír ar acmhainní farraige agus a leagann béim ar eachtraí uisce. Bhí cúrsa na Cáscá lán go barr i mbliana, comhartha go bhfuil ag éirí leis an chur chuige atá acu.

"Bíonn na scoláirí ag gabháil don tseoltóireacht, tonnmharcaíocht, tumadóireacht ché, agus cadhcáil i measc eachtraí eile, imeachtaí a chothaíonn comhoibriú agus obair fhoirne agus cumarsáid trí mheán na Gaeilge. Baineann siad an-tairbhe agus sult as, eispéreas ar leith atá ann," arsa Miriam Ní Eadhra, Príomhoide Choláiste Uisce.

Tá coláistí eile ag díriú ar réimsí éagsúla a mbíonn an-rath orthu mar a dhéanann Coláiste Lurgan a dhíríonn ar chúrsaí teicneolaíochta agus amhránaíochta, Coláiste Riocaird Bairéid de chuid Ghael Linn i gCo Mhaigh Eo, a réachtálann gearrchúrsa scannánaíochta



Spórt agus spraoi: I mbun scannánaíochta i gColáiste Riocaird Bairéid agus i mbun peile i gColáiste Bhaile Bhuirne



agus Coláiste Chú Chulainn i nGaoth Dobhair, a chuireann modúil CLG ar fáil.

I gcás Choláiste Riocaird Bairéid, faigheann na scoláirí blaisín beag den chaoi a n-úsáidtear an trealamh cuí agus déantar taifead, eagarthóireacht agus pacáistí a chur le chéile bunaithe ar ghnéithe agus ar imeachtaí áirithe a thagann aníos le linn an chúrsa.

Breise

"Feictear dhom go bhfuil sé fíorthábhachtach rudaí breise, taobh amuigh de chur chuige na gcúrsaí traidisiúnta a chur ar fáil agus go mbíonn an-tairbhe le baint ag na scoláirí as na rudaí breise seo," arsa Jamie Ó Tuama ó Ghael Linn.

"Téann an gearrchúrsa scannánaíochta chun sochair dóibh siúd, ach go háirithe,

atá ag iarraidh tabhairt faoin scannánaíocht amach anseo agus tugann sé deis iontach do na scoláirí a bheith cruthaitheach agus é seo uilig a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Osclaíonn an Ghaeilge doirse do dhaoine agus feictear dúinn go n-osclaíonn an gearrchúrsa scannánaíochta seo doirse dóibh siúd a bhfuil suim acu bheith ag obair le comhlachtaí léiriúcháin de chuid leithéidí TG4 amach anseo," a dúirt sé.

Tá Coláiste Chú Chulainn oscailte ó bhí 2010 ann agus é á réachtáil ag an Sár-imreoir Peile, iar-imreoir le foireann Dhún na nGall, Caoimhín Ó Casaide, agus clú ar an choláiste mar gheall ar an mhodúil Chumann Lúthchleas Gael a chuireann siad ar fáil.

"Bhí an cúlra sin agam is dócha, tá aithne agam ar imreoirí agus ar

thraenáilaithe den scoth ó bhí mé féin ag imirt agus cuirim fáilte roimh imreoirí éagsúla ó fhoirne contaetha difriúla le seisiúin thraenáilaithe a chur ar siúl agus lena saineolas a roinnt," arsa Caoimhín.

Saineolas

Cosnaíonn cúrsa trí seachtaine ar an Ghaeltacht idir €890 agus €940 agus "focfaidh tú as an speisialtóireacht bhreise mar go mbíonn ar na coláistí féin íoc as an saineolas agus teagascóirí cáilithe sa réimse áirithe a thabhairt isteach," arsa Maria Ní Dhonnacha, Feidhmeannach Forbartha le Comhchoiste na gColáistí Samhraidh (CONCOS), cónaidhm a thacaíonn le coláistí samhraidh.

"Mar a bheadh aon rud, tá

comórtasaíocht idir na coláistí agus aon rud a dhéanann beagáinín neamhspleách agus difriúil iad déanfar an ghné áirithe sin a chur chun tosaigh. I mbliana, beidh coláiste gailf á réachtáil den chéad uair ar bhonn píolótach agus speisialtóireacht acu sa réimse gailf. Tá rudaí nua á dtraiail i gcónaí," a dúirt Maria.

Beidh an cúrsa seo dírithe ar pháistí na dtuismitheoirí a bhfuil baint acu leis na clubanna gailf ar fud na tíre.

I mbliana, idir na cúrsaí a eagraíodh le linn na Cáscá agus na cinn a bheidh ar siúl le linn an tsamhraidh, timpeall 52 chúrsa atá i gceist.

Ag an pointe is airde in 2008, bhí breis agus 28,000 mac léinn ag freastal ar choláistí samhraidh ar fud na tíre ach tháinig laghdú 'tubaisteach' ar an fhiigiúir sin le roinnt blianta anuas go 22,000.

"Le dhá bhliain anuas tá sé ag fanacht ag an leibhéal céanna agus bheadh muid ag súil go bhfanfaidh sé ag an leibhéal ag a raibh sé anuraidh nó go mbeadh ardú ann," arsa Maria.

Is Coláistí Gaeilge iad ach 'tá i bhfad níos mó i gceist' dar le Maria.

"Nuair a thagann páiste chuig an Ghaeltacht ní hé an páiste céanna a théann chun an bhaile. Bíonn i bhfad níos mó féin féinforbairt déanta.

"Fásann siad iontu féin nuair atá siad imithe ón bhaile agus is buntáiste é ansin go dtugann siad leo an Ghaeilge leis in freisin," ar sí.